Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Scéim Deontais um Bhonneagar Luchtaithe FNAÉ na bhFLanna LDV ar an mBóthar



**Sé ról Bonneagar Iompair na hÉireann ná bonneagar agus seirbhísí inbhuanaithe an iompair a chur ar fáil, a éascaíonn caighdeán maireachtála níos fearr a sheachadadh, a chabhríonn le fás an gheilleagair agus a thugann meas ar an timpeallacht. Áirítear leis an obair seo líonra sábháilte agus éifeachtach bonneagar an athluchtaithe agus bonneagar an athbhreoslaithe a sholáthar ar fud Líonra na mBóithre Náisiúnta.**



## Céard atá mar aidhm ag scéim an deontais?

Tá méadú mór ar líón na bhfeithiclí leictreacha tar éis teacht go tapa in Éirinn le déanaí. Tá an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide ag súil go dtiocfaidh fás suntasach breise sna blianta amach romhainn. I Mí Nollaig na bliana 2023, bhí thart ar 57,730 feithicil leictreach cláraithe in Éirinn. Teastaíonn líonra cuimsitheach bonneagair luchtaithe na bhfeithiclí leictreacha ar an mbóthar d’fheithiclí leictreacha pearsanta a chur ar fáil go forleathan.

Leagtar amach i nDréacht-Phlean Náisiúnta na Roinne Iompair an Roinn Iompair agus de chuid Fheithiclí ar Nialais Astaíochta Éireann (FNAÉ) um Líonra Náisiúnta Luchtaithe na bhFLanna 2023-2030, spriocanna uaillmhianacha maidir le bonneagar luchtaithe na bhFLanna a chur ar fáil ar fud na hÉireann. Cuireann sé leis na híosriachtanais maidir le bonneagar luchtaithe na bhfeithiclí leictreacha atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Bonneagar na mBreoslaí Malartacha (RBBM) ón Aontas Eorpach, Mí Méan Fómhair na bliana 2023.

Rinne an FNAÉ cásanna samhaltaithe a thástáil lena chinntiú ní hamháin go bhfuil spriocanna an RBBM á mbaint amach, ach go bhfuil dóthain an bhonneagair i bhfeidhm freisin chun tacú le líon méadaitheach na bhFLanna ar ár mbóithre.

Tá sé mar aidhm ag an scéim deontais seo tacú le forbairt agus le rochtain ar luchtú feithiclí leictreacha d’fheithiclí pearsanta ar shaothair éadroim den chuid is mó feadh líonra na mótarbhealaí. Leanfaidh scéimeanna amach anseo ag díriú ar na leibhéil eile de líonra na mbóithre, ag tabhairt tuilleadh tacaíochta do spriocanna aeráide na hÉireann agus don fhás leanúnach i líon na bfFLanna sa tír.

## Cén fáth a bhfuil gá le comórtas a reáchtáil?

Tá gá le próiseas iomaíoch chun uasmhéid na tacaíochtaí atá ar fáil don d’oibreoirí a bhaint amach de réir rialacha um Chúnamh Stáit. Tá sé mar aidhm ag an gcomórtas tacaíocht a thabhairt don d’oibreoirí trí fhorbairt na n-ionad luchtaithe ar ardchumhacht a spreagadh agus a bhrostú ar fud na hÉireann. Deartar rialacháin an AE, lena n-áirítear iad siúd a mbaineann le Cúnamh Stáit, lena chinntiú go bhfuil gach idirghabháil comhréireach, trédhearcach agus go léiríonn sí luach ar airgead.

Leanann an scéim seo na rialacha maidir le Cúnamh Stáit de chuid an Rialacháin um Ghnáth-Bhlocdhíolúine (RGBD). Dá bhrí sin, reáchtálfar próiseas iomaíoch tairisceana, le comórtas trédhearcach neamh-leithchealadh aige. Is riachtanas de chuid a leithéid nach sáróidh an tacaíocht a bhronntar ar aon tairbhí ar leith 40% de bhuiséad iomlán na scéime lena baineann.

## Próiseas an Iarratais

### CÉIM 1: GEARRLIOSTÚ NA NAIGHNEACHTAÍ

**1.01** **Seiceáil tosaigh a dhéanamh maidir le hiomláine agus le comhlíontacht**

**1.02** **Measúnú an iarrthóra gcoinne aon fhoras lena bhaineann eisiamh éigeantach**

a) Dearbhú a chur ar fáil lena dheimhnítear go bhfuil na forais a mbaineann le heisiamh éigeantach agus le heisiamh lánroghnach á gcomhlíonadh.

Déanfar an t-iarrthóir a bhaint den phróiseass NÓ a chur ar aghaidh

**1.03** **Measúnú ar an iarrthóir in aghaidh na mbunriachtanas**

a) Cóngaracht don bhealach amach is gaire (níos lú ná 3 km) ar Líonra na mBóithre Náisiúnta
b) Úinéireacht na talún nó comhaontú i leith na talún
c) Riachtanais aschur na cumhachta
d) Dearbhú maidir le Staid an Tionscadail
e) Achar an bhá luchtaithe
f) Inrochtaineacht
g) Ní ghlacfar le hionad atá lonnaithe i gcalafort

Déanfar an t-iarrthóir a bhaint den phróiseass NÓ a chur ar aghaidh

**1.04** **Measúnú an Iarrthóra i gcoinne critéir an cháilithe maidir le**

a) a) Staid an airgeadais agus eacnamaíoch
b) Cumas teicniúil

**Déantar na hiarrthóirí a chur ar an ngearrliosta agus á leanúint ar aghaidh go dtí Céim 2 an Bhronnta**

### CÉIM 2: BRONNADH


**2.01** **Déanfar measúnú ar gach iarrthóir i gcoinne critéar an bhronnta**

Déanfar gach aighneacht a scóráil bunaithe ar
a) Costas in aghaidh an ionad luchtaithe
b) Cur i bhfeidhm an tionscadail
c) Áiseanna
d) Inbhuanaitheacht

**2.02** **Próiseas an Bhronnta**

**Leithdháileadh an mhaoinithe ar gach Iarrthóir Roghnaithe**






**Léaráid le haghaidh eolais amháin, ní de réir scála*

Na bóithre a mbaineann leis an scéim seo le hionaid luchtaithe 1200kW a chur ar fáil, le ceithre phointe athluchtaithe 150kW ag gach ceann acu ar a laghad. Caithfidh gach ionaod luchtaithe a bheith suite laistigh d'achar tiomána 3 km ó na bóithre aibhsithe.

## Conas a fheidhmíonn próiseas an bhronnta?

Déanfar gach iarrthóir a scóráil agus bronnfar an tairiscint is airde scór in ord, faoi réir an dá choinníol spásála seo a leanas a shásamh:

- Ní féidir le haon iarrthóir rathúil a bheith lonnaithe laistigh d'achar 30 km ó:
  - ionad luchtaithe 1200kW atá ann cheana féin
  - aighneacht le rangú níos airde atá aitheanta cheana féin le haghaidh bronnta sa Chrios
- Déanfar gach aighneacht a sheiceáil agus a chalabrú i gcoinne gnáthrialacha carntha an Chúnamh Stáit d'fhonn an chomhlíontacht a chinntiú.

## Cad iad a mheastar mar Chostais Incháilithe?

Ciallaíonn Costais Incháilithe ná an costas a bhaineann le tógáil, suiteáil, uasghrádú nó síneadh Bonneagair Luchtaithe na bhFeithiclí Leictreacha (BLFL), siad sin:

- Na costais i leith bonneagar an athluchtaithe agus an treallamh teicniúil lena mbaineann;
- Na costais a mbaineann le suiteáil nó le huasghrádú na gcomhpháirteanna leictreacha agus eile (lena n-áirítear na cáblaí leictreacha agus na trasfhoirmeoirí cumhachta) atá riachtanach le haghaidh Bonneagar Luchtaithe na bhFeithiclí Leictreacha (BLFL) a cheangal leis an eangach nó le haonad áitiúil stórala;
- Na costais infheistíochta a mbaineann le stóráil an fhuinnimh in-athnuaite;
- Costais na n-oibreacha innealtóireachta sibhialta, na talún;
- nó oiriúnú na mbóithre a mbaineann le suiteáil, le huasghrádú nó le leathnú a dhéanamh ar an BLFL;
- Na costais a mbaineann le haon chead forbartha a fháil, mar shampla:
    - Táillí an Údaráis Áitiúil maidir le hiarratas a dhéanamh ar chead pleanála
    - Costais scéim ranníocaíocht na forbartha de chuid an údaráis áitiúil a baineann leis na hoibreacha BLFL; agus
- Na costais i leith suiteáil an BLFL..

## Cá háit ar féidir na hionaid a lonnú?

- Is féidir le haon pháirtí, a bhfuil suíomh laistigh de 3km* tiomána ar an mótarbhealach agus ar na bóithre débhealaigh agus nach bhfuil ionad luchtaithe aige faoi láthair le haschur cumhachta 1200kW ar a shuíomh roghnaithe, iarratas a dhéanamh;
- Tá na bóithre roinnte ina 10 gcrios. Déanfar gach aighneacht i leith crios ar leith agus déanfar á measúnú i gcoinne na n-iarratas eile ach laistigh den chrios céanna amháin;
- Is féidir le gach páirtí iarratas a chur isteach ar ionaid iolracha sa chrios céanna agus i gcriosanna iolracha;
- I gcás ar leith ina bhféadfadh go mbeadh dhá shuíomh ag iarratasóir nach bhfuil rochtain orthu ach ó thaobh amháin den bhóthar, is féidir leis an iarrthóir na suíomhanna sin a phéireáil in aon iarratas amháin agus aschur cumhachta 600kW a chur ar fáil ag gach ceann díobh, de réir rial na cóngarachta.

**Rial an 3km: de réir an RBBN. Féach an doiciméad Cuireadh chun Iarratas a Dhéanamh le haghaidh treorach ar leith.*

## Cad is gá a bheith mar chuid de gach iarratas?

Ní mór do gach iarrthóir Cuid 6 den Cháipéis Fhreagartha ar an Iarratais atá mar chuid den cháipéis Cuireadh chun Iarratas a Dhéanamh a chríochnú ina iomláine. Mar achomair:

- Caithfidh gach iarrthóir na an mionfhaisnéis faoin dearadh coincheapa aige a chur ar fáil maidir le conas a chuirfidh sé ionad luchtaithe ar fáil le haschur cumhachta 1200kW ar a laghad chomh maith le ceithre phointe athluchtaithe ar a laghad a bheidh in ann aschur cumhachta 150kW ar leith an ceann acu a sholáthar;
- Caithfidh gach iarrthóir sonraí na n-áiseanna a chur ar fáil maidir le soláthar na n-áiseanna ar ardchaighdeáin a spreagadh d'úsáideoirí agus iad ag athluchtú;
- Caithfidh gach iarrthóir bileog praghasála a chríochnú agus mioneolas a thabhairt ar na costais incháilithe a mbaineann leis an tairiscint iomaíoch faoin scéim;
- Caithfidh gach iarrthóir aon fhianaise aige faoi aon comhaontú úinéireachta nó léasa/ tionóntachta ar chuid talún a uaslódáil;
- Caithfidh gach iarrthóir a chuid chuntais airgeadais iniúchta a uaslódáil.
- Caithfidh gach iarrthóir mioneolas a chur ar fáil i leith conas ar féidir Uasacmhainn Allmhairithe (MIC) 800kVA a bhaint amach agus caithfidh sé deimhnithe a thabhairt maidir le staid an tionscadail;

## Cén amlíne a baineann leis an scéim?

- Cuirfear tús leis an scéim ar 14 Feabhra na bliana 2024;
- Déanfaidh gach iarrthóir a thógra a ullmhú agus a aighneacht a chur isteach roimh an dáta deiridh ag meán lae an 10 Aibreán 2024;
- Tá sé beartaithe go mbeidh an bonneagar nua réidh le dul ar líne faoi mhí Nollaig na bliana 2025.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Tá gach eolas faoin gCuireadh le hIarratas a Dhéanamh agus faoi phróiseas an chomórtais le feiceáil ag suíomh Gréasáin eTenders: hpps//www.etenders.gov.ie